





Ainmhithe san Earrach

Inniu, labhair Múinteoir Clíona faoi na hainmhithe óga a bheirtear san Earrach, go háirithe ar an bhfeirm. Luaigh sí na hainmneacha a dtugtar ar na hainmhithe óga seo.


Mar shampla:



Bó agus lao



Caora agus uan




Muc agus banbh



Ainmneacha na mBláthanna

Ach, an bhfuil fhios agat faoin athrú mór eile a tharlaíonn san Earrach chomh maith – bíonn bláthanna nua ag fás!

Beidh muid in ann na bachlóga beaga a fheiceáil go luath, i mí Feabhra agus i mí an Mhárta. Fásann siad aníos ón gcré.






Féach Timpeall Ort

An cheád uair eile a bheidh tú amuigh ar shiulóid, féach timpeall ort chun na bláthanna nua a fheiceáil.

Déan cur síos orthu.



Nodanna:

“Feicim _____ ag fás.

Dath _____ atá air.

Ta sé ard / gearr / mór / beag.

Is / Ní maith liom é”.



Panda clúmhach!

Le cabhair ó do thuismitheoir, breathnaigh ar an bfíseán gleoite seo!

<https://twitter.com/rtenews/status/1353987994794000384>



Bhí sé le feiceáil ar Nuacht RTE an tseachtain seo caite. An bhfaca tu é? Léiríonn an físeán panda óg atá an-éilitheach don dhuine on Zú a thugann aire di! Fu Bao is ainm di agus is panda Síneach í. Nach bhfuil sí chomh clúmhach agus bog?!



Bí Cruthaitheach!

Cuir dath ar an bpictiúr seo!

Ta cúpla lus an chromchinn le feiceáil sa phictiúr. De ghnáth, bíonn siad buí - ach is féidir leat aon dath ar bith a chur orthu - bí cruthaitheach!

